II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2126 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/452, áireofar na tionscadail nó na cláir atá chun leasa an Aontais sna tionscadail nó sna cláir sin a fuair méid mór nó cion suntasach de chistiú ón Aontas nó a chumhdaítear le dlí an Aontais maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla atá ríthábhachtach don tslándáil agus don ord poiblí.

(2) Leagtar amach liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/452 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Shainaithin an Coimisiún roinnt tionscadal agus clár eile atá incháilithe lena gcur san áireamh sa liosta atá i gceangal le Rialachán (AE) 2019/452.

(4) Is é is aidhm don Chlár Spáis ([2]) leanúnachas infheistíochta a áirithiú i ngníomhaíochtaí spáis an Aontais, dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a spreagadh agus tacú le hacmhainneacht iomaíochais agus nuálaíochta thionscal spáis an Aontais. Tugtar le chéile ann an bonneagar atá ann cheana agus déantar coimirciú ar leanúnachas agus forbairt an Chórais Dhomhanda an Aontais um Loingseoireacht Satailíte (Galileo), Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) chomh maith le clár an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne (Copernicus), atá saor in aisce agus inrochtana go hoscailte. Is é is aidhm dó freisin comhpháirteanna nua slándála a fhorbairt, amhail Feasacht Staide an Spáis (SSA), lena n-áirítear fo-chomhpháirt Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) agus an tseirbhís nua um Chumarsáid Satailíte Rialtais le haghaidh an Aontais agus údaráis na mBallstát. Cothaíonn sé tionscal spáis atá láidir agus nuálach agus is é is aidhm dó rochtain uathrialach an Aontais ar an spás a chaomhnú.

([1]) IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(5) Is í Fís Eorpach ([3]) príomhchlár cistiúcháin an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus tacaíonn sé, *inter alia*, le gníomhaíochtaí atá ríthábhachtach don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas.

(6) Tacaíonn Clár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025 ([4]) le gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna núicléach le béim ar shábháilteacht núicléach, slándáil núicléach, dramhaíl radaighníomhach agus bainistiú breosla spíonta, cosaint ar radaíocht agus fuinneamh comhleá. Is é is aidhm dó freisin feabhas a chur ar réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na rochtana ar bhonneagair thaighde.

(7) Maoinítear leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ([5]) príomhthionscadail i réimse an iompair, sa réimse digiteach agus i réimse an fhuinnimh. Féadfaidh a cuid gníomhaíochtaí cistiú a sholáthar do bhonneagar criticiúil, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil, agus do theicneolaíochtaí criticiúla.

(8) Is é an Clár don Eoraip Dhigiteach ([6]) an chéad ionstraim airgeadais de chuid an Aontais atá dírithe ar an teicneolaíocht dhigiteach a thabhairt do ghnólachtaí agus do shaoránaigh. Cuirtear cistiú ar fáil leis do thionscadail i réimsí a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas, amhail sár-ríomhaireacht, intleacht shaorga, cibearshlándáil agus ardscileanna digiteacha.

(9) Tá sé beartaithe gur ionstraim é an Ciste Eorpach Cosanta ([7]) chun iomaíochas agus nuálaíocht bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais a chothú agus, ar an dóigh sin, cuirfear le slándáil agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

(10) Tá Clár ([8]) EU4Health ar ceann de fhreagairtí an Aontais ar phaindéim COVID-19, agus dá bhrí sin tá ról tábhachtach aige maidir leis an ord poiblí a áirithiú tríd an tsláinte phoiblí. Is é is aidhm dó córais sláinte a dhéanamh níos athléimní chun déileáil le bagairtí sláinte trasteorann amhail COVID-19 agus feabhas a chur ar acmhainneacht bainistithe géarchéime agus ullmhacht paindéime níos fearr; infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí íocshláinte agus feistí leighis agus táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas a fheabhsú, tacú leis an nuálaíocht; agus an claochlú digiteach a chur chun cinn.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/452 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([3]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81).

([5]) Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38-81).

([6]) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

([8]) Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Liosta de thionscadail agus de chláir atá chun leasa an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 8(3)

1. **Cláir Eorpacha GNSS (Galileo & EGNOS)** ([1])

Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 1).

2. **Copernicus** ([2])

Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear Clár Copernicus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 911/2010 (IO L 122, 24.4.2014, lch. 44).

3. **Réamhbheart maidir leis an gclár nua GOVSATCOM de chuid an Aontais a ullmhú**

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, agus go háirithe Airteagal 58(2)(b) de (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

4. **An Clár Spáis**

Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013, (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

5. **Fís 2020 lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE**

Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104), lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá ann a bhaineann le hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin amhail intleacht shaorga, róbataic, leathsheoltóirí agus cibearshlándáil.

6. **Fís Eorpach, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha de bhun Airteagal 185 CFAE, agus comhghnóthais nó aon struchtúr eile arna chur ar bun de bhun Airteagal 187 CFAE**

Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

7. **Clár Taighde agus Oiliúna Euratom 2021-2025**

Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 81).

8. **Gréasáin thras-Eorpacha Iompair (TEN-T)**

Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

([1]) Déantar Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 a choimeád san Iarscríbhinn seo i bhfianaise Airteagal 110(1) de Rialachán (AE) 2021/696.
([2]) Déantar Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 a choimeád san Iarscríbhinn seo i bhfianaise Airteagal 110(1) de Rialachán (AE) 2021/696.

9. **Gréasáin thras-Eorpacha Fhuinnimh (GTE-F)**

Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

10. **Gréasáin thras-Eorpacha Teileachumarsáide** ([3])

Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasáin thras-Eorpacha i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 14).

11. **An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**

Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).

12. **An Clár don Eoraip Dhigiteach**

Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

13. **An Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta**

Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30).

14. **Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta**

Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/20121, agus go háirithe Airteagal 58(2)(b) de (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

15. **An Ciste Eorpach Cosanta**

Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149).

16. **Buanchomhar struchtúrtha (PESCO)**

Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24).

Cinneadh (CBES) 2018/1797 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 294, 21.11.2018, lch. 18).

Cinneadh (CBES) 2019/1909 ón gComhairle an 12 Samhain 2019 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 293, 14.11.2019, lch. 113).

17. **An Comhghnóthas Eorpach um ITER**

Cinneadh 2007/198 (Euratom) ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

([3]) Déantar Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 a choimeád san Iarscríbhinn seo i bhfianaise Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2021/1153 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014.

18. **Clár EU4Health**

Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1)."